CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 130 an 17 Bealtaine 2019)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 17 Bealtaine 2019)

1. Ar leathanach 29, Airteagal 50(1)

in ionad: "1. Deochanna biotáilleacha nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo ach a chomhlíonann ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus a táirgeadh roimh an 25 Bealtaine 2021, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic ídithe.",

léitear: "1. Táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán seo nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo ach a chomhlíonann ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus a táirgeadh roimh an 25 Bealtaine 2021, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic ídithe.".

2. Ar leathanach 45, Iarscríbhinn I, catagóir 34, pointe (d):

in ionad: "(d) Ní áireofar táirgí bainne sna hamhábhair a úsáidtear.",

léitear: "(d) Ní áireofar bainne ná táirgí bainne sna hamhábhair a úsáidtear.".

3. Ar leathanach 46, Iarscríbhinn I, catagóir 39, pointe (d):

in ionad: "(d) Féadfar táirgí bainne a úsáid i dtáirgeadh licéar uibheacha nó *advocaat* nó *avocat* nó *advokat*.",

léitear: "(d) Féadfar bainne agus táirgí bainne a úsáid i dtáirgeadh licéar uibheacha nó *advocaat* nó *avocat* nó *advokat*.",

4. Ar leathanach 46, Iarscríbhinn I, catagóir 40, pointe (d):

in ionad: "(d) Féadfar táirgí bainne a úsáid chun licéar a bhfuil ubh ann a tháirgeadh.",

léitear: "(d) Féadfar bainne agus táirgí bainne a úsáid chun licéar a bhfuil ubh ann a tháirgeadh.".